Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11772/26**

**SOC 490**
**ANTIDISCRIM 73**
**FREMP 243**
**TRANS 497**
**SPORT 38**
**CULT 94**
**DELACT 110**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4534 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 1.7.2026 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/2841 a mhéid a bhaineann leis an gcód QR a shocrú ar an leagan fisiciúil den Chárta Míchumais Eorpach agus an cód QR a shocrú agus sonraíochtaí teicniúla coiteanna a bhunú lena n-áirithítear slándáil an leagain fhisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le hábhair idir-inoibritheachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4534 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4534 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2026
C(2026) 4534 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 1.7.2026**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/2841 a mhéid a bhaineann leis an gcód QR a shocrú ar an leagan fisiciúil den Chárta Míchumais Eorpach agus an cód QR a shocrú agus sonraíochtaí teicniúla coiteanna a bhunú lena n-áirithítear slándáil an leagain fhisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le hábhair idir-inoibritheachta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir (AE) 2024/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], bunaíodh an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear formáid chaighdeánaithe inrochtana choiteann le haghaidh gach cárta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir. Is é an cuspóir atá ann saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas a éascú trína áirithiú, agus iad ag taisteal chuig Ballstát nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát, seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu, le haghaidh gearrfhanachta , go dtabharfar rochtain chomhionann dóibh ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, agus coinníollacha agus saoráidí páirceála, a thairgtear nó a choinnítear sa Bhallstát sin do dhaoine faoi mhíchumas. Aithnítear sna Ballstáit uile na cártaí a eisíonn Ballstát.

Cé go leagtar síos le Treoir (AE) 2024/2841 na formáidí coiteanna le haghaidh an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, is gá gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun calaois a chosc agus a chomhrac, agus slándáil agus idir-inoibritheacht na gcártaí sin a chumasú. Sa mheasúnú tionchair (SWD/2023/291 final) a ghabhann leis an togra le haghaidh na Treorach, rinneadh tagairt do chalaois agus brionnú mar chuid de na fadhbanna a chuireann bac ar chur chun feidhme chárta páirceála an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas a tugadh isteach le Moladh 98/376/CE ón gComhairle[2] (arna leasú le Moladh 2008/205/CE ón gComhairle[3]), a tháinig roimh an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, ní mór sonraíochtaí agus gnéithe teicniúla iomchuí a bhunú maidir le slándáil an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, lena gcuirtear sainiúlachtaí an chárta sin san áireamh. Thairis sin, tá gá le tuilleadh sonraíochtaí chun na cóid QR atá le cur san áireamh ar na leaganacha fisiceacha den dá chárta a shocrú, mar a shainordaítear leis an Treoir. Chun idir-inoibritheacht agus slándáil na gcártaí a áirithiú, chomh maith le calaois a chosc agus a chomhrac, is gá bearta breise a thabhairt isteach a bhaineann leis an bpróiseas chun a mbailíocht agus a mbarántúlacht a fhíorú. Baineann an próiseas fíorúcháin sin le próiseáil sonraí pearsanta agus, dá bhrí sin, is gá coimircí iomchuí a ghlacadh freisin maidir le slándáil na sonraí sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]..

Chuige sin, agus i gcomhréir leis na cumhachtuithe a leagtar amach in Airteagail 7(7) agus 8(7) de Threoir (AE) 2024/2841, leagtar síos leis an Rialachán Tarmligthe seo na cóid QR maidir leis na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, agus bunaítear gnéithe digiteacha agus sonraíochtaí

[1] IO L 2024/2841, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2841/oj

[2] Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (98/376/CE), IO L 167, 12.6.1998, lch. 25.

[3] Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 lena n-oiriúnaítear Moladh 98/376/CE maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice, IO L 63/43, 7.3.2008, lch. 43.

[4] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

teicniúla coiteanna lena n-áirithítear slándáil an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas. Thairis sin, bunaítear ábhair idir-inoibritheachta agus bearta slándála maidir le sonraí pearsanta le haghaidh an dá chárta. Áirítear leis sin bearta a bhaineann le fíorú na leaganacha fisiciúla de na cártaí lenar féidir cártaí neamhbhailí a shainaithint thar theorainneacha, chomh maith le sonraí pearsanta a chosaint sa phróiseas sin.

Déantar foráil in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2024/2841 maidir le cumhachtuithe breise chun gníomhartha cur chun feidhme arna dtabhairt ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle a ghlacadh agus gníomhófar ina leith ag céim níos déanaí. Áirítear leis na cumhachtuithe sin leaganacha digiteacha inrochtana den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a leagan síos, sonraíochtaí teicniúla coiteanna a bhunú agus idir-inoibritheacht a áirithiú. Tá sé fíor-riachtanach go bhfuil aon bheart a dhéantar sa Rialachán Tarmligthe seo gan dochar d'ábhar gníomhartha cur chun feidhme a bheidh ann amach anseo de bhun Airteagal 9 de Threoir (AE) 2024/2841 ná nach gcruthófar bacainní ar úsáid na leaganacha digiteacha de na cártaí nuair a thabharfar isteach iad.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin ar an Rialachán Tarmligthe seo, lena n-áirítear le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, agus le hionadaithe ó na Ballstáit ar leibhéal na saineolaithe, i gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Threoir (AE) 2024/2841.

D'eagraigh an Coimisiún 6 chruinniú den Ghrúpa Saineolaithe um an gCárta Míchumais Eorpach agus um an gCárta Páirceála Eorpach agus dhá chruinniú le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha le linn 2025 agus 2026. Leis na cruinnithe sin, bhíothas in ann plé a dhéanamh ar ghnéithe féideartha frithchalaoise agus slándála a chur leis an gCárta Míchumais Eorpach agus leis an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le socruithe idir-inoibritheachta. Tugadh an deis do na rannpháirtithe aiseolas a thabhairt ag na cruinnithe agus i scríbhinn ina dhiaidh sin. Thairis sin, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (Comhaontú Idirinstitiúideach)[5], chun rannpháirtíocht chomhionannn in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, fuair Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna le saineolaithe ó na Ballstáit, agus bhí rochtain chórasach mar bhreathnóirí acu ar chruinnithe ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin.

Foilsíodh an Rialachán Tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr le haghaidh tréimhse aiseolais 2 seachtaine idir an 15 Aibreán agus an 30 Aibreán 2026. San iomlán, thug 53 pháirtí leasmhara aiseolas. Thairis sin, ag cruinnithe Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát an 15 Nollaig 2025 ,an 14 Eanáir 2026 agus an 21 Aibreán 2026, cuireadh an dréacht-Rialachán tarmligthe i láthair do shaineolaithe na mBallstát agus pléadh é.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an Rialachán Tarmligthe seo ar bhonn na gcumhachtuithe a thugtar don Choimisiún in Airteagail 7(7) agus 8(7) de Threoir (AE) 2024/2841 agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14 den Treoir.

I gcomhréir le hAirteagal 31 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, comhcheanglaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo dhá chumhachtú idirghaolmhara de Threoir (AE) 2024/2841 in aon ghníomh amháin. Baineann Airteagal 7(7) den Treoir leis an gCárta Míchumais Eorpach, agus

---

5 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

baineann Airteagal 8(7) leis an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas. Leis na hAirteagail sin, cumhachtaítear don Choimisiún Eorpach na cóid QR a shocrú agus, más iomchuí, gnéithe digiteacha úrscothacha eile a úsáideann modhanna leictreonacha le haghaidh na leaganacha fisiciúla den dá chárta, chomh maith le bearta slándála iomchuí maidir le sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus ábhair idir-inoibritheachta, amhail feidhmchláir choiteanna de chuid an Aontais chun sonraí atá i ngnéithe digiteacha sa leagan fisiciúil de na cártaí a léamh, ar gnéithe iad a úsáideann modhanna leictreonacha chun calaois a chosc agus a chomhrac. Baineann an t-aon difríocht idir an dá chumhachtú le slándáil na leaganacha fisiciúla de na cártaí, ós rud é go dtugtar de chumhacht don Choimisiún gnéithe digiteacha a bhunú maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus sonraíochtaí teicniúla coiteanna maidir leis an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas chun na críche sin.

Sonraítear le hAirteagal 1 ábhar an Rialacháin seo.

Leagtar síos le hAirteagail 2 agus 3 i gcomhar le hIarscríbhinní I agus II na sonraíochtaí le haghaidh na gcód QR maidir leis na leaganacha fisiceacha den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.

Bunaítear le hAirteagal 4 na sonraíochtaí teicniúla coiteanna sainordaitheacha le haghaidh shlándáil an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.

Bunaítear le hAirteagal 5 na sonraíochtaí teicniúla breise le haghaidh shlándáil mhéadaithe an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, ar sonraíochtaí iad a d'fhéadfadh na Ballstáit a roghnú a chur chun feidhme.

Rialaítear le hAirteagal 6, i gcomhar le hIarscríbhinní I, II, III agus IV, ábhair idir-inoibritheachta maidir le gnéithe digiteacha na leaganacha fisiciúla de na cártaí chun gur féidir iad a úsáid go rianúil ar bhonn trasteorann agus a mbarántúlacht agus a mbailíocht a fhíorú.

Leagtar síos le hAirteagal 7 bearta slándála chun sonraí pearsanta a chosaint atá sna gnéithe digiteacha ar na leaganacha fisiceacha den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 1.7.2026**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/2841 a mhéid a bhaineann leis an gcód QR a shocrú ar an leagan fisiciúil den Chárta Míchumais Eorpach agus an cód QR a shocrú agus sonraíochtaí teicniúla coiteanna a bhunú lena n-áirithítear slándáil an leagain fhisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le hábhair idir-inoibritheachta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2024/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas[1], agus go háirithe Airteagal 7(7) agus Airteagal 8(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/2841, leagtar síos na rialacha lena rialaítear eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas agus teimpléid choiteanna le haghaidh na gcártaí sin. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus Airteagal 8(2) de Threoir (AE) 2024/2841, tá Cártaí Míchumais Eorpacha agus Cártaí Páirceála Eorpacha do dhaoine faoi mhíchumas arna n-eisiúint ag na Ballstáit le haithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile.

(2) Tá an cuspóir céanna ag na cumhachtuithe dá bhforáiltear le hAirteagal 7(7) agus le hAirteagal 8(7) de Threoir (AE) 2024/2841, is é sin calaois a chosc agus a chomhrac, slándáil na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí bhearta slándála iomchuí maidir le sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], chomh maith le hidir-inoibritheacht a áirithiú. Ós rud é go bhfuil ábhar agus cuspóirí na gcumhachtuithe ag teacht le chéile den chuid is mó, is iomchuí rialacha a leagan síos lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/2841 a mhéid a bhaineann leis na hábhair sin in aon ghníomh tarmligthe amháin.

(3) Le Treoir (AE) 2024/2841, déantar foráil maidir le cód QR a bheith sna leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas mar ghné dhigiteach úrscothach a úsáideann modhanna leictreonacha chun calaois a chosc agus a chomhrac. Dá réir sin, is gné dhigiteach shainordaitheach iad na cóid QR atá le priontáil ar gach cárta fisiciúil. Chun cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú agus na cóid QR á gcruthú agus á n-úsáid ag na Ballstáit, ba

[1] IO L 2024/2841, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2841/oj.

[2] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

cheart don Choimisiún sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh chun na cóid QR a shocrú, lena n-áirítear a n-ábhar.

(4) Tiocfaidh an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas in ionad na gcártaí páirceála uile atá ann cheana do dhaoine faoi mhíchumas arna n-eisiúint i gcomhréir le Moladh 98/376/CE ón gComhairle[3]. Níor tugadh an Moladh sin cothrom le dáta chun forbairtí teicneolaíochta agus digitithe a léiriú agus bhí fadhbanna ag na Ballstáit maidir le calaois agus brionnú. Dá bhrí sin, is gá na gnéithe lena n-áirithítear slándáil an leagain fhisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a bhunú, ar gnéithe iad lena gcuirtear a shainiúlachtaí san áireamh amhail an chaoi a mbíonn sé taobh thiar de ghaothscáth na feithicle de ghnáth.

(5) Ba cheart sonraíochtaí teicniúla coiteanna sainordaitheacha a thabhairt isteach chun slándáil an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú. Dá ndéanfaí an cárta a phriontáil ar ábhar iomchuí, amhail polacarbónáit, trí úsáid a bhaint as gaireas díraonta íomhánna atá inathraithe go hoptúil, chosnófaí go héifeachtach ar bhrionnú agus ar fhalsú. Chuirfeadh patrúin frithscanta leis an tslándáil a thuilleadh trí dhúbláil cártaí a bhrath, toisc gur cheart téacs ceilte nó patrún a bheith iontu, rud a bheadh le feiceáil nuair a dhéanfaí an cárta a fhótachóipeáil nó a scanadh. Tá na gnéithe sin le cur i bhfeidhm gan difear a dhéanamh d’fhormáid an leagain fhisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2841, lena n-áirítear cuma amhairc an chárta.

(6) Sa bhreis ar an gcód QR agus ar shonraíochtaí teicniúla sainordaitheacha eile a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart deis a bheith ag na Ballstáit gnéithe roghnacha slándála digiteacha nó fisiciúla a ionchorprú, bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla coiteanna a leagtar síos sa Rialachán seo, sa leagan fisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas chun feabhas a chur ar a shlándáil. I gcás ina bhfuil níos mó sonraí pearsanta i ngnéithe roghnacha digiteacha ná na sonraí dá bhforáiltear sna leaganacha fisiciúla de na cártaí, i gcomhréir le pointe 3(b) d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2841, tá rochtain ar na sonraí sin le bheith teoranta d’údaráis phoiblí na mBallstát eisiúna agus d’úsáideoirí údaraithe amháin. Chun creat comhchuibhithe a choinneáil ar bun le haghaidh gnéithe slándála ar fud na mBallstát, ba cheart liosta na ngnéithe roghnacha a bheith uileghabhálach. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfaidh comhtháthú ceann amháin nó níos mó de na gnéithe roghnacha slándála digiteacha nó fisiciúla difear d’aitheantas cártaí bailí ó Bhallstáit eile ná nach gcuirfidh sé idir-inoibritheacht agus feidhmiúlacht na sonraíochtaí teicniúla sainordaitheacha i mbaol.

(7) D’fhéadfadh slis sainaitheanta radaimhinicíochta (RFID) a bheith sa leagan fisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas mar ghné roghnach slándála dhigiteach. Baineann RFID úsáid as tonnta radaithe leictreamaighnéadacha nó as cúpláil réimse fhreasaithigh sa chuid radaimhinicíochta den speictream chun cumarsáid a dhéanamh le clib nó ó chlib trí scéimeanna modhnaithe agus ionchódaithe éagsúla chun sainaitheantas clibe radaimhinicíochta nó sonraí eile atá stóráilte uirthi a léamh go huathúil[4]. Is féidir le sliseanna RFID an chosaint ar bhrionnú agus ar athrú

[3] Moladh 98/376/CE ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (IO L 167, 12.6.1998, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/1998/376/oj).

[4] Moladh ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2009 maidir le cur chun feidhme na bprionsabal príobháideachais agus cosanta sonraí i bhfeidhmeanna arna dtacú le sainaithint radaimhinicíochta (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2009) 3200) (IO L 122, 16.5.2009).

calaoiseach a neartú trí shonraí a bhaineann le cártaí a stóráil nó a tharchur go slán. D'fhéadfadh dúch atá inathraithe go hoptúil nó dúch datha aistrithigh a bheith sa leagan fisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas freisin. Tugann dúigh den sórt sin cosaint leormhaith ar an gcárta a chóipeáil agus ar athrú calaoiseach air gan gá le pearsantú. Chun a áirithiú go bhfuil sonraí an chárta slán in aghaidh iarrachtaí góchumtha agus falsaithe, féadfar téacs na réimsí sonraí a chomhtháthú in ábhar bunúsach an chárta trí theicneolaíocht léasarghreanta a úsáid. Ní thagann gnéithe slándála fisiciúla, bíodh siad sainordaitheach nó roghnach sa Rialachán seo, nach bhfuil infheicthe nó a bhíonn infheicthe tar éis ionramhálacha áirithe, salach ar fhormáid an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2841.

(8) Tá forbairt leanúnach ar dhul chun cinn teicneolaíoch, ar chórais fíoraithe páirceála agus ar rioscaí slándála. Tagann forbairt ar an úrscothacht agus ar úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus ar úsáid an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, arna spreagadh ag aiseolas ó úsáideoirí agus dul chun cinn teicneolaíoch araon, chomh maith le teicnící calaoise agus brionnaithe, a mbíonn dúshláin slándála atá ag teacht chun cinn mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathruithe ar ollstruchtúr slándála agus frithchalaoise na gcártaí mar gheall ar réitigh theicneolaíocha nua, lena n-áirítear réitigh nua fíoraithe páirceála, chomh maith le riachtanais slándála agus coisc frithchalaoise, lena n-áirítear trí chatagóiriú na ngnéithe digiteacha a thabhairt cothrom le dáta mar ghnéithe sainordaitheacha nó roghnacha. Ag brath ar fhorbairtí teicneolaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta.

(9) Chun a áirithiú gur féidir na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a úsáid go rianúil ar fud na mBallstát uile, is gá idir-inoibritheacht na ngnéithe digiteacha ar na cártaí fisiciúla a áirithiú, go háirithe na cóid QR. Leis an idir-inoibritheacht, ba cheart é a chur ar a gcumas d'fhíoraitheoirí cártaí barántúlacht agus bailíocht na leaganacha fisiciúla de na cártaí a fhíorú - aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhíoraíonn bailíocht agus barántúlacht na leaganacha fisiciúla de na cártaí, mar shampla trí bhíthin feidhmchlár fíorúcháin. Chuige sin, is gá forálacha a leagan síos maidir le hábhair a bhaineann le hidir-inoibritheacht ionas go bhféadfar fíoruithe trasteorann a dhéanamh ar na leaganacha fisiciúla de na cártaí ar bhealach comhsheasmhach iontaofa.

(10) Chun sláine agus tionscnamh na sonraí atá sna cóid QR maidir leis na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú, ba cheart na sonraí sin a shéalú le ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Deimhnítear leis an gcód QR barántúlacht agus bailíocht an chárta fhisicigh, nuair a chros-seiceáiltear é i gcomparáid leis na paraiméadair fíorúcháin, agus níor cheart dó féin stádas míchumais ná teidlíocht ar sheirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas a fhianú.

(11) Chun éascaíocht a dhéanamh ar idir-inoibritheacht agus bunú córais fíoraithe iontaofa shláin na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais, ba cheart sásraí fógartha faisnéise agus foilsithe faisnéise a bhunú. I ndáil leis sin, agus chun gur féidir

---

[5] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj).

a fhíorú gur údarás nó comhlacht inniúil a eisíonn na leaganacha fisiciúla de na cártaí, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá le haghaidh an phróisis fíorúcháin a chur ar fáil, go háirithe an fhaisnéis is gá chun an ríomhshéala cáilithe a fhíorú. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na húdaráis nó comhlachtaí inniúla atá freagrach as na leaganacha fisiciúla de na cártaí (eisitheoirí cártaí) a eisiúint, chomh maith leis an bhfaisnéis ábhartha riaracháin agus theicniúil a bhaineann leo. Ba cheart an fhaisnéis a bhfuil fógra le tabhairt fúithi don Choimisiún a bheith teoranta don mhéid is gá chun sásraí fíoraithe idir-inoibritheacha a bhunú chun bailíocht agus barántúlacht na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fhíorú. Ba cheart don Choimisiún rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin a áirithiú.

(12) Thairis sin, i gcás ina ndéanfar an cárta a chúlghairm, ba cheart faisnéis faoi chúlghairm an chárta a chur ar fáil go pras chun é a chur ar a gcumas d'fhíoraitheoirí cártaí bailíocht an chárta a fhíorú. Chun na críche sin, ba cheart d'eisitheoirí cártaí liostaí ina bhfuil faisnéis maidir le stádas cúlghairme na gcártaí uile a chúlghair siad roimh a ndátaí éaga (liostaí cúlghairme) a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú go tráthúil. Le foilsiú den sórt sin, ba cheart príobháideachas a urramú agus sonraí pearsanta na sealbhóirí cárta a chosaint. Thairis sin, níor cheart aon sonraí pearsanta seachas na haitheantóirí uathúla cúlghairme a bheith i liostaí cúlghairme agus ba cheart iad a fhoilsiú ag aitheantóir aonfhoirmeach acmhainne (URI) sonrach i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla chun fíorú idir-inoibritheach a áirithiú.

(13) Chun an cód QR a léamh agus barántúlacht agus bailíocht na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fhíorú, féadfar feidhmchláir fíorúcháin shaincheaptha a úsáid ar an leibhéal náisiúnta. Is féidir leis an gCoimisiún tacú leis an bpróiseas sin trí chód foinseach samplach coiteann a sholáthar chun sonraí atá sna cóid QR a léamh, agus príomhchéimeanna an phróisis fíorúcháin a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhonn leis na hiarratais fíorúcháin sna Ballstáit. Ba cheart do na feidhmchláir fíorúcháin uile an loighic chéanna maidir le fíorú an tslabhra iontaoibhe a dhéanamh i gcomparáid leis an mbonneagar iontaoibhe céanna, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh an Ballstát eisiúna na sonraí atá ionchódaithe sna cártaí a léamh. Ina theannta sin, leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] ceanglais inrochtaineachta a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit, más infheidhme.

(14) Agus cineál dinimiciúil an dul chun cinn theicneolaíoch agus na mbagairtí cibearshlándála atá ag teacht chun cinn á aithint ag an Aontas, tá sé tiomanta go n-áiritheofar na sásraí cripteagrafacha a úsáidtear laistigh dá chreat rialála a bheith éifeachtach agus slán fós. I bhfianaise an tiomantais sin, tá sé tábhachtach caighdeáin chripteagrafacha a ghlacadh arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna scaipeadh trí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA).

(15) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo. Go háirithe, baineann fíorú na gcód QR ar na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas le próiseáil sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, ba cheart coimircí iomchuí

[6] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj

cosanta sonraí a bhunú chun cosaint sonraí pearsanta atá sna cóid QR a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme. Leis na bearta slándála ginearálta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart cosaint sonraí pearsanta atá sna cóid QR a áirithiú freisin. Ina theannta sin, ba cheart na sonraí pearsanta atá sna cóid QR a bheith teoranta don mhéid a bhfuil géarghá leis chun críoch an Rialacháin seo. Thairis sin, ba cheart toirmeasc a chur ar na sonraí a choimeád tar éis an fíorú a chur i gcrích. Is gá freisin slándáil iomchuí na liostaí cúlghairme a áirithiú.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Threoir (AE) 2024/2841, agus an Rialachán seo á ullmhú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha chomh maith le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[7].

(17) Is seirbhís phoiblí dhigiteach thras-Eorpach iad an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Dá réir sin, rinneadh measúnú idir-inoibritheachta, agus tá an tuarascáil mar thoradh air sin le foilsiú ar an Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/903.

(18) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus thug sé tuairim an 12 Bealtaine 2026,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha lena bhforlíontar Treoir (AE) 2024/2841 a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) an cód QR a shocrú le haghaidh na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus an Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear bearta slándála iomchuí maidir le sonraí pearsanta;

(b) sonraíochtaí teicniúla coiteanna sainordaitheacha agus roghnacha a bhunú lena n-áirithítear slándáil an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas;

(c) na ceanglais idir-inoibritheachta is gá a leagan síos chun a áirithiú gur féidir cóid QR ar na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach nó den Chárta Páirceála

[7] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

[8] Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

[9] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisítear i mBallstát amháin a léamh agus a fhíorú go hiontaofa i mBallstát eile.

*Airteagal 2*

**Cód QR ar an leagan fisiciúil den Chárta Míchumais Eorpach**

Is iad na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I na sonraíochtaí le haghaidh an chóid QR atá le feiceáil ar an leagan fisiciúil den Chárta Míchumais Eorpach.

*Airteagal 3*

**Cód QR ar an leagan fisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas**

Is iad na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II na sonraíochtaí le haghaidh an chóid QR atá le feiceáil ar an leagan fisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.

*Airteagal 4*

**Sonraíochtaí teicniúla coiteanna sainordaitheacha le haghaidh an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas**

1. Comhlíonfaidh na leaganacha fisiciúla den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas na sonraíochtaí teicniúla coiteanna seo a leanas:

   (a) beidh siad déanta as ábhar a chosnaíonn ar dhílannú agus atá in ann na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2841 agus sonraíochtaí teicniúla coiteanna sainordaitheacha eile a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh;

   (b) beidh gaireas díraonta íomhánna atá inathraithe go hoptúil iontu mar eilimint de struchtúr srathach a bhíonn infheicthe nuair a bhreathnaítear ar an gcárta ó uillinn áirithe;

   (c) déanfar iad trí úsáid a bhaint as patrún frithscanta a bhíonn infheicthe nuair a dhéantar cárta a fhótachóipeáil nó a scanadh.

2. Beidh an gaireas díraonta íomhánna atá inathraithe go hoptúil dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), le feiceáil ar éadan an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí sonraí ar thaobh na láimhe clé. Beidh sé thart ar 20 mm ar airde agus 20 mm ar leithead. Is éard a bheidh san íomhá a thaispeántar ar an ngaireas léarscáil stílithe den Bhallstát eisiúna nó cód idirdhealaitheach an Bhallstáit eisiúna timpeallaithe ag ciorcal de dhá cheann déag de réaltaí atá ina shiombail den Aontas.

3. Beidh an patrún frithscanta dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), ar éadan an leagain fhisicigh den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas os cionn na réimsí sonraí ar thaobh na láimhe clé agus/nó ar thaobh na láimhe deise lasmuigh den chód QR agus lasmuigh dá spás ciúin. Beidh téacs ceilte nó patrún air, a bheadh le feiceáil nuair a dhéanfaí an cárta a fhótachóipeáil nó a scanadh. I gcás ina bhfuil téacs folaithe sa phatrún frithscanta, is éard a bheidh ann na focail *COPY* [CÓIP] nó *VOID* [AR NEAMHNÍ], agus aistriúchán orthu i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Bhallstáit eisiúna. I gcás ina bhfuil patrún ceilte sa phatrún frithscanta, beidh sé comhdhéanta de línte cothrománacha nó ingearacha.

*Airteagal 5*

**Sonraíochtaí teicniúla coiteanna roghnacha agus gnéithe maidir le slándáil an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas**

1. Sa bhreis ar na sonraíochtaí teicniúla coiteanna sainordaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 4, ní fhéadfaidh na Ballstáit ach na sonraíochtaí teicniúla roghnacha agus na gnéithe a leagtar síos san Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

2. D'fhéadfadh slis sainaitheanta radaimhinicíochta (RFID) a bheith i leaganacha fisiciúla den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas. Déanfaidh an tslis RFID calaois a chosc agus a chomhrac trí mhodhanna leictreonacha agus beidh sí ina modh breise chun barántúlacht agus/nó bailíocht leagain fhisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fhíorú ar an leibhéal náisiúnta. Ní dhéanfaidh an tslis RFID difear d'fheidhmiú an chóid QR ar an gcárta.

3. Comhlíonfaidh aon slis RFID dá dtagraítear i mír 2 na sonraíochtaí seo a leanas:

   (a) beidh sé éighníomhach;

   (b) beidh sé comhtháite go fisiciúil i gcorp an chárta ar thaobh na láimhe deise den éadan;

   (c) beidh sé nasctha go loighciúil le taifead an chóid QR agus beidh an t-aitheantóir cúlghairme (RID) céanna ann agus atá ionchódaithe sa chód QR;

   (d) tacóidh an gné RFID leis an léamh ag thart ar 1 mhéadar nó níos mó i gcás inar gá le haghaidh úsáid oibríochtúil, ach ní dhearfar í chun léamh iontaofa a dhéanamh thar 5 mhéadar faoi dhálaí tástála tagartha.;

   (e) tar éis an cárta a eisiúint, cuirfidh an t-údarás eisiúna cosc ar rochtain scríofa ar an tslis RFID, nó ar an réimse sonraí ábhartha di, nó rialóidh sé ar shlí eile í;

   (f) déanfar é a dhearadh agus a chumrú sa chaoi go n-íoslaghdófar an riosca maidir le clónáil, ionadú, modhnú neamhúdaraithe agus athscríobh neamhúdaraithe;

   (g) comhlíonfaidh sé ceanglais Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10];

   (h) sa bhreis ar an aitheantóir cúlghairme dá dtagraítear i bpointe (c), ní fhéadfaidh an tslis RFID ach ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a stóráil:

      (i) sonraí atá ionchódaithe i gcód QR an leagain fhisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas;

      (ii) cláruimhreacha na feithicle;

      (iii) sonraí fíoraithe cripteagrafaigh.

4. D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas a bheith ar éadan na leaganacha fisiciúla den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas:

   (a) an tsiombail do chathaoireacha rothaí ar thaobh na láimhe clé nó na focail *European Parking Card for persons with disabilities* [Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas] i mBéarla agus i gceann amháin nó níos mó de

[10] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE, (IO L 153, 22.5.2014, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/53/oj).

theangacha oifigiúla an Bhallstáit eisiúna ar thaobh na láimhe deise, priontáilte i ndúch atá inathraithe go hoptúil nó i ndúch datha aistrithigh, a léiríonn dathanna athraitheacha nuair a bhreathnaítear orthu ó uillinneacha éagsúla;

(b) teicneolaíocht léasarghreanta a úsáid a théann isteach i sraitheanna an chárta chun an téacs a phriontáil sna réimsí sonraí.

5. Ní dhéanfaidh tabhairt isteach sonraíochtaí teicniúla roghnacha agus gnéithe dá dtagraítear san Airteagal seo, sa Bhallstát a thug isteach gnéithe den sórt sin maidir leis na cártaí a eisíonn sé, difear d'aitheantas cártaí bailí a eisítear i mBallstáit eile.

*Airteagal 6*

**Ábhair idir-inoibritheachta**

1. Séalófar an fhaisnéis a áirítear sa chód QR le ríomhshéala cáilithe de réir bhrí Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

2. Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún faisnéis faoi údaráis nó comhlachtaí inniúla atá freagrach as leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach nó den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ('eisitheoirí cártaí') a eisiúint, agus aon nuashonrú ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis sin i gcomhréir le hIarscríbhinn III. Áiritheoidh an Coimisiún rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin.

3. Déanfaidh eisitheoirí cártaí liostaí cúlghairme atá cothrom le dáta a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú ag aitheantóir aonfhoirmeach acmhainne a dtugtar fógra don Choimisiún fúthu ina mbeidh faisnéis maidir le stádas cúlghairme na gcártaí uile atá cúlghairthe acu i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos in Iarscríbhinn IV. Foilseofar faisnéis faoin gcúlghairm laistigh de 24 uair an chloig tar éis na cúlghairme sin.

4. Féadfaidh na Ballstáit feidhmchláir fíorúcháin a úsáid chun barántúlacht agus bailíocht na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fhíorú.

5. I gcás ina n-úsáidfidh na Ballstáit feidhmchláir fíorúcháin chun barántúlacht agus bailíocht na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fhíorú, beidh na feidhmchláir sin ábalta barántúlacht agus bailíocht cárta a fhíorú tríd an ríomhshéala agus stádas cúlghairme an chárta a sheiceáil. Leis na feidhmchláir fíorúcháin sin, léifear na sonraí pearsanta atá ionchódaithe i gcód QR an chárta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II, agus cuirfear léiriú amhairc de na sonraí sin i láthair, chun gur féidir comparáid a dhéanamh leis na sonraí atá infheicthe sna réimsí sonraí comhfhreagracha ar an gcárta, agus léiriú maidir le stádas bailíochta an chárta.

*Airteagal 7*

**Bearta slándála chun sonraí pearsanta a chosaint**

1. Na sonraí pearsanta atá sna cóid QR maidir leis na leaganacha fisiciúla den Chárta Míchumais Eorpach agus den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, beidh siad teoranta don mhéid a bhfuil géarghá leis chun barántúlacht agus bailíocht na gcártaí a fhíorú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II.

2. Tar éis d’fhíoraitheoirí cártaí barántúlacht agus bailíocht leagain fhisicigh den Chárta Míchumais Eorpach nó den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fhíorú, ní choinneoidh na fíoraitheoirí cártaí na sonraí atá sna cóid QR.

3. Maidir le fíorú cóid QR ar leagan fisiciúil den Chárta Míchumais Eorpach nó den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, ní thabharfar fógra faoin bhfíorú sin don údarás nó comhlacht inniúil atá freagrach as an gcárta a eisiúint mar thoradh air sin.

4. Beidh faisnéis a áirítear i liosta cúlghairme arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 6(3) teoranta don aitheantóir cúlghairme de chuid na gcártaí cúlghairthe.

5. Áiritheoidh an t-údarás nó an comhlacht atá freagrach as na liostaí cúlghairme a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 6(3) go mbeidh feidhm ag bearta slándála iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla maidir le próiseáil sonraí pearsanta atá sna liostaí cúlghairme.

6. I gcás ina gcinnfidh Ballstát slis RFID a ionchorprú sa leagan fisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, beidh feidhm ag míreanna 2 go 3 maidir le próiseáil na sonraí pearsanta atá sa tslis sin. Beidh na sonraí pearsanta atá sa tslis RFID teoranta don mhéid a bhfuil géarghá leis chun barántúlacht agus/nó bailíocht na gcártaí a fhíorú, mar a leagtar amach in Airteagal 5(3).

   I gcás ina stórálann Ballstát sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 5 sa tslis RFID, ar sonraí iad nach bhforáiltear dóibh sa leagan fisiciúil den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2841, beidh rochtain ar na sonraí sin teoranta d’údaráis phoiblí an Bhallstáit eisiúna agus d’úsáideoirí údaraithe amháin.

*Airteagal 8*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*